Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Samhain 2017**
**(OR. en)**

**14625/17**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0379 (COD)**

**ENER 461**
**ENV 960**
**CLIMA 317**
**COMPET 800**
**CONSOM 362**
**FISC 286**
**CODEC 1864**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 15135/1/16 ENER 418 ENV 758 CLIMA 169 COMPET 637 CONSOM 301 FISC 221 IA 131 CODEC 1809 REV 1<br>+ ADD 1 REV 1<br>+ ADD 2 REV 1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an margadh inmheánach leictreachais (athmhúnlú) - Iarscríbhinn I<br>- Cur chuige ginearálta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an togra athbhreithnithe ón Uachtaránacht maidir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an dréachtrialachán, arna leasú i bhfianaise an phlé a rinneadh sa Mheitheal um Fhuinneamh agus ar na barúlacha a fuarthas i scríbhinn.

Aon rud ón gcéad athbhreithniú (10681/17 ADD 1) a cuireadh leis an téacs i gcomparáid leis an togra ón gCoimisiún, léirítear é **i gcló trom**.
Aon téacs nua a cuireadh isteach i ndiaidh an chéad athbhreithnithe, léirítear é **i gcló trom agus cuirtear líne faoi**.

Marcáiltear gach rud a scriosadh le **[ ]** (*téacs scriosta*).

# IARSCRÍBHINN I

## [ ] CÚRAIMÍ NA gCOMHORDAITHEOIRÍ SLÁNDÁLA RÉIGIÚNACHA

**1. Ríomh comhordaithe na n-acmhainní**

1.1 Déanfaidh **[ ] comhordaitheoirí slándála** réigiúnacha **an** ríomh comhordaithe ar acmhainní traslimistéir.

[ ] Déanfar an ríomh comhordaithe ar acmhainní **[ ]** le haghaidh **[ ] creataí ama lá roimh ré agus creataí ama ionlae**[ ].

**1.2a Ar bhonn na modheolaíochtaí a forbraíodh de bhun Airteagail 21, 26, 29 agus 30 de [Rialachán 2015/1222 ón gCoimisiún lena mbunaítear treoirlíne maidir le leithdháileadh acmhainne agus le bainistiú ar phlódú].**

1.3 Déanfar an ríomh comhordaithe ar acmhainn bunaithe ar shamhail choiteann **[ ] eangaí** i gcomhréir le pointe **3 [ ].**

1.4 Leis an ríomh comhordaithe ar acmhainn, áiritheofar bainistíocht éifeachtach ar phlódú i gcomhréir le prionsabail an bhainistithe ar phlódú a shainítear sa Rialachán seo.

**2. Anailís chomhordaithe ar slándáil**

2.1. Déanfaidh **[ ] comhordaitheoirí slándála** réigiúnacha anailís chomhordaithe slándála darb aidhm oibriú slán an chórais a áirithiú.

2.2 Déanfar anailís chomhordaithe slándála le haghaidh gach tráthchlár pleanála oibríochtúla, **idir creataí ama aon bhliain chun tosaigh agus creataí ama ionlae,** agus samhlacha coiteanna **[ ] eangaí** in úsáid.

**2.2a Déanfar anailís chomhordaithe slándála ar bhonn na modheolaíochtaí a forbraíodh de bhun Airteagal 75 agus Airteagal 76 de Rialachán 2017/1485 ón gCoimisiún lena mbunaítear treoirlíne maidir le hoibríocht córais tarchurtha leictreachais.**

2.3 Déanfaidh **[ ] comhordaitheoirí slándála** réigiúnacha torthaí na hanailíse comhordaithe slándála a roinnt, ar a laghad, leis na hoibreoirí córas tarchurtha an réigiúin oibríochta córas.

2.4 Nuair a aimsíonn [ ] **comhordaitheoir slándála** réigiúnach, mar thoradh ar an anailís chomhordaithe slándála, bac a d'fhéadfadh a bheith ann, dearfaidh sé gníomhartha ceartaitheacha lena n-áiritheofar an **éifeachtacht** agus an éifeachtúlacht eacnamaíoch is fearr.

**3. Samhlacha coiteanna [ ] eangaí a chruthú**

3.1 Déanfaidh **[ ] comhordaitheoirí slándála** réigiúnacha próisis éifeachtúla a chur ar bun d'fhonn samhlacha coiteanna [ ] **eangaí** a chruthú le haghaidh gach tráthchlár pleanála oibríochtúla, **idir creataí ama aon bhliain chun tosaigh agus creataí ama ionlae**.

3.2 Ceapfaidh oibreoirí córas tarchurtha **comhordaitheoir slándála** réigiúnach amháin a thógfaidh na samhlacha coiteanna **[ ] eangaí uile-Aontais** [ ].

**3.2a Na samhlacha coiteanna eangaí, déanfar iad i gcomhréir leis na modheolaíochtaí a forbraíodh de bhun Airteagail, 67, 70 agus 79 de Rialachán 2017/1485 ón gCoimisiún lena mbunaítear treoirlíne maidir le hoibríocht córas tarchurtha leictreachais agus de bhun Airteagal 28 de Rialachán 2015/1222 ón gCoimisiún lena mbunaítear treoirlíne maidir le leithdháileadh acmhainne agus le bainistiú ar phlódú.**

3.3 Áireofar le samhlacha coiteanna [ ] **eangaí** sonraí ábhartha le haghaidh pleanáil oibríochtúil agus ríomh acmhainne i ngach **creat ama pleanála oibríochtúla idir creataí ama aon bhliain chun tosaigh agus creataí ama ionlae**.

3.4 Cuirfear samhlacha coiteanna [ ] **eangaí** ar fáil do gach **comhordaitheoir slándála** réigiúnach, do gach oibreoir córais tarchurtha, do ENTSO-E agus don ghníomhaireacht, ar iarraidh uaithi.

**4. Tacú le measúnú comhsheasmhachta phleananna cosanta agus athbhunaithe na n-oibreoirí córas tarchurtha**

**4.1a Tabharfaidh comhordaitheoirí slándála réigiúnacha tacaíocht d'oibreoirí córas tarchurtha an réigiúin oibríochta córas, agus measúnú comhsheasmhachta ar phleananna cosanta agus athbhunaithe na n-oibreoirí córas tarchurtha á dhéanamh acu, de bhun na nósanna imeachta atá leagtha amach in Airteagal 6 de [Rialachán xxxx/xxxx lena mbunaítear cód gréasáin maidir le héigeandálaí leictreachais agus athbhunú].**

4.1 Comhaontóidh na hoibreoirí córas tarchurtha uile ar thairseach, a mbeadh tionchar, dá rachfaí os a cionn, ag gníomhartha oibreoir nó oibreoirí córas tarchurtha, agus iad i staid éigeandála, i staid lándorchaithe nó i staid athbhunaithe, ar tionchar tábhachtach é sin i gcomhair oibreoirí córas tarchurtha eile atá idirnasctha go sioncrónach nó go neamh-shioncrónach.

**[ ]**

4.3 Agus an tacaíocht sin á cur ar fáil aige d'oibreoirí córas tarchurtha, déanfaidh an **comhordaitheoir slándála [ ]** réigiúnach an méid seo a leanas:

(a) neamh-chomhoiriúnacht a d'fhéadfadh a bheith ann a aithint;

(b) gníomhartha maolaitheacha a mholadh.

4.4 Déanfaidh oibreoirí córas tarchurtha **measúnú** ar na gníomhaíochtaí maolaitheacha atá beartaithe **agus** cuirfidh siad san áireamh iad.

**5. (*Pointe 9 roimhe seo*) Measúnuithe [ ] leordhóthanachta ar na córais réigiúnacha seachtain roimh ré go lá roimh ré agus gníomhaíochtaí laghdaithe riosca a ullmhú**

5.1 *(ex 9.1)* Déanfaidh **[ ] comhordaitheoirí slándála** réigiúnacha measúnuithe seachtain roimh ré go **[ ] lá roimh ré i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar amach in Airteagal 81 de Rialachán 2017/1485 ón gCoimisiún lena mbunaítear treoirlíne maidir le hoibríocht córais leictreachais agus ar bhonn na modheolaíochta a forbraíodh de bhun Airteagal 8 de [Rialachán maidir le riosca-ullmhacht].**

5.2 *(ex 9.2)* Is ar an bhfaisnéis a sholáthróidh na hoibreoirí córas tarchurtha faoi réigiúin oibríochta córais a bhunóidh [ ] **comhordaitheoirí slándála** réigiúnacha na measúnuithe leordhóthanachta **réigiúnacha gearrthéarmacha** chun cásanna a bhrath ina mbeifí ag súil le heaspa leordhóthanachta in aon cheann de na limistéir rialaithe nó ar an leibhéal réigiúnach. Cuirfidh **[ ] comhordaitheoirí slándála** réigiúnacha malartuithe traslimistéir agus teorainneacha ar shlándáil oibríochtúil a d'fhéadfadh a bheith ann sna creataí ama pleanála oibríochtúla **ábhartha** uile.

5.3 *(ex 9.3)* Nuair a bheidh measúnú leordhóthanachta **córais** á dhéanamh **[ ]**, comhordóidh gach **[ ] comhordaithaeoir slándála** le **comhordaitheoirí slándála** réigiúnacha eile **[ ]** chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) fíorú a dhéanamh ar na toimhdí agus réamhaisnéisí bunúsacha;

(b) cásanna a bhrath ina bhféadfadh easpa leordhóthanachta a bheith ann ar bhonn trasréigiúnach.

5.4 *(ex 9.4)* Déanfaidh gach **[ ] comhordaitheoir slándála** na torthaí ar na measúnuithe leordhóthanacha ar ghiniúint réigiúnach mar aon leis na gníomhaíochtaí a mholann sé chun rioscaí a laghdú maidir le heaspa leordhóthanachta d'oibreoirí córas tarchurtha réigiún oibríochta an chórais agus do **chomhordaitheoirí slándála** réigiúnacha eile **[...]** freisin.

**6.** *(pointe 10 roimhe seo)* **Comhordú pleanála do bhriseadh réigiúnach**

6.1 *(ex 10.1)* D**éanfaidh** gach comhordaitheoir **slándála réigiúnach comhordú ar bhriseadh réigiúnach i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar amach in Airteagal 80 de Rialachán 2017/1485 ón gCoimisiún lena mbunaítear treoirlíne maidir le hoibríocht córais tarchurtha leictreachais chun faireachán a dhéanamh ar stádas infhaighteachta na sóchmhainní ábhartha agus déanfaidh siad comhordú ar a bpleananna infhaighteachta chun slándáil oibríochta an chórais tarchurtha a áirithiú, agus acmhainn na n-idirnascairí agus/nó na gcóras tarchurtha a bhfuil tionchar acu ar shreabha traslimistéir a uasmhéadú.**

6.2 Déanfaidh gach **[ ] comhordaitheoir slándála** réigiúnach liosta amháin a choinneáil de ghnéithe ábhartha na greille, de mhodúil giniúna cumhachta agus de shaoráidí éilimh réigiúin oibríochta an chórais agus cuirfear ar fáil é ar spás sonraí pleanála oibríochtúla ENTSO don Leictreachas.

6.3 *(ex 10.3)* Déanfaidh gach **[ ] comhordaitheoir slándála** réigiúnach na gníomhaíochtaí seo a leanas a bhaineann le comhordú do bhriseadh i réigiún oibríocha an chórais:

(a) Comhoiriúnacht na pleanála don bhriseadh a mheas lena mbainfear úsáid as pleananna infhaighteachta bliain roimh ré na n-oibreoirí córas tarchurtha uile;

(b) Liosta de na neamh-chomhoiriúnachaí pleanála a braitheadh a sholáthar d'oibreoirí córas tarchurtha réigiún oibríochta an chórais mar aon leis na réitigh atá beartaithe aige chun na neamh-chomhoiriúnachtaí a réiteach.

**7.** (*pointe 12 roimhe seo)* **Oiliúint agus deimhniú na foirne atá ag obair do na comhordaitheoirí slándála réigiúnacha**

7.1 *(ex 12.1)* Ullmhóidh **[ ]** comhordaitheoirí slándála réigiúnacha cláir oiliúna agus deimhniúcháin lena ndíreofar ar oibríocht córais réigiúnaigh don fhoireann a oibríonn **do na comhordaitheoirí slándála réigiúnacha [ ]**

7.2 *(ex 12.2)* Cumhdófar sna cláir oiliúna gach gné ábhartha d'oibríocht an chórais, **ina ndéanann an comhordaitheoir slándála réigiúnach cúraimí** lena n-áirítear cásanna géarchéime réigiúnacha.

**8. *(pointe 5 roimhe seo)* Tacú le comhordú agus le barrfheabhsú an athbhunaithe réigiúnaigh**

**[ ]**

8.2 *(ex 5.2)* **Tacóidh** gach **[ ] comhordaitheoir slándála [ ]** réigiúnach ábhartha leis na **hoibreoirí córas tarchurtha a cheaptar mar [ ]** cheannairí minicíochta agus mar cheannairí athshioncrónaithe **de bhun Airteagal 29 agus Airteagal 33 de Rialachán xxxx/xxxx ón gCoimisiún lena mbunaítear cód gréasáin maidir le héigeandálaí agus athbhunú [** ...] **chun feabhas a chur ar** éifeachtúlacht agus ar éifeachtach athbhunú na gcóras. **Sainmhíneoidh oibreoirí córas tarchurtha réigiún oibríochta an chórais an ról a bheidh ag an gcomhordaitheoir slándála réigiúnach maidir le tacaíocht a thabhairt do chomhordú agus do bharrfheabhsú an athbhunaithe réigiúnaigh.**

**8.3** *(ex abairt dheireanach de 5.2)* **[ ] Féadfaidh [ ]** oibreoirí córas tarchurtha cúnamh a iarraidh ar **[ ] chomhordaitheoirí slándála** má bhíonn briseadh ina gcóras nó má bhíonn sé faoi athbhunú.

**8.4Feisteofar na comhordaitheoirí slándála réigiúnacha leis na córais rialaithe maoirseachta agus fála sonraí gar don fhíor-am sin leis an inbhreathnaitheacht a shainítear leis an tairseach a chur i bhfeidhm a shainítear i gcomhréir le pointe 4.1.**

**9. *(pointe 6 roimhe seo)* Anailís agus tuairisciú iar-oibrithe agus iar-shuaite**

9.1 *(ex 6.1)* Cuirfidh **[ ] comhordaitheoirí slándála [ ]** réigiúnacha tuarascáil i dtoll a chéile i dtaobh teagmhas ar bith os cionn na tairsí a shainítear i gcomhréir le pointe 4.1. Arna iarraidh sin dóibh, féadfaidh údaráis rialála réigiún oibríochta an chórais agus an Ghníomhaireacht a bheith rannpháirteach san imscrúdú. Beidh moltaí sa tuarascáil lena ndíreofar ar theagmhais chosúla a sheachaint sa todhchaí.

9.2 *(ex 6.2)* **[ ] Foilseofar an tuarascáil**.. Féadfaidh an Ghníomhaireacht moltaí a eisiúint lena ndíreofar ar theagmhais chosúla a sheachaint sa todhchaí.

**10. Ríomh na hacmhainne iontrála uasta a bheidh ar fáil le haghaidh rannpháirtíocht acmhainne eachtraí i sásraí acmhainne.**

**10.1 Tacóidh comhordaitheoirí slándála réigiúnacha le OCT maidir le ríomh na hacmhainne iontrála uasta a bheidh ar fáil le haghaidh rannpháirtíocht acmhainne eachtraí i sásraí acmhainne lena gcuirfear san áireamh infhaighteacht ionchasach idirnasctha agus comhthoiliú dóchúil bhrú na gcóras idir an córas ar a gcuirtear an sásra i bhfeidhm agus an córas ina bhfuil an acmhainn eachtrach suite.**

**10.2 Déanfar an ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Airteagal 21(10)(a) den Rialachán seo.**

**10.3 Soláthróidh comhordaitheoirí slándála réigiúnacha ríomh le haghaidh gach teorann ar an limistéar tairisceana a chumhdaítear leis an réigiún oibríochta an chórais.**

**11. Ionchais shéasúracha a ullmhú**

**11.1 Má dhéanann ENTSO don Leictreachas an fheidhm seo a tharmligean de bhun Airteagal 9 de [an Rialachán maidir le riosca-ullmhacht] is iad na comhordaitheoirí slándála réigiúnacha a dhéanfaidh na hionchais leordhóthanachta shéasúracha.**

**11.2 Is ar bhonn na modheolaíochta a forbraíodh de bhun Airteagal 8 den [Rialachán maidir le riosca-ullmhacht] a dhéanfar na hionchais shéasúracha a ullmhú.**

**12.** *(point 11 roimhe seo)* **Sásraí um chúiteamh idir oibreoirí córas tarchurtha a bharrfheabhsú**

12.1 *(ex 11.1)* **Féadfaidh na hoibreoirí córas tarchurtha réigiún oibríochta an chórais cinneadh comhpháirteach a dhéanamh tacaíocht a fháil ón gcomhordaitheoir slándála réigiúnach [ ]** maidir le sreabha airgeadais a riar a bhaineann le socruithe oibreoirí córas idir-tarchurtha lena mbaineann níos mó ná dhá oibreoir córas tarchurtha, amhail costais don athsheoladh, ioncam ó phlódú, diallais neamhbheartaithe nó costais chúltaca soláthair.

**13. Cásanna géarchéime réigiúnacha a shainaithint agus ullmhacht na gcásanna maolaithe rioscaí lena ndéantar athbhreithniú ar na pleananna riosca-ullmhachta mar a bhunaítear sna Ballstáit**

13.1 Má dhéanann ENTSO don Leictreachas an fheidhm seo a tharmligean, sainaithneoidh na **[ ] comhordaitheoirí slándála** réigiúnacha cásanna géarchéime réigiúnacha i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach in Airteagal 6(1) [an Rialachán maidir le Riosca-ullmhacht a bheartaítear le COM(2016) 862].

**Déanfar na cásanna géarchéime réigúnacha a shainaithint i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Airteagal 5 de [an Rialachán maidir le Riosca-ullmhacht].**

13.2 Tacóidh **[ ] comhordaitheoirí slándála réigiúnacha leis na húdaráis inniúla i ngach réigiún oibríochta córais** maidir leis an ionsamhlú **bliantúil [ ]** géarmchéime a dhéanamh **[ ]** i gcomhréir le hAirteagal 12(3) de [an Rialachán maidir le Riosca-ullmhacht a bheartaítear le COM(2016) 862].

**Déanfar na cásanna maolaithe rioscaí a ullmhú i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Airteagal 12 de [an Rialachán maidir le Riosca-ullmhacht].**

**[ ]**

**[ ]**